



C/2025/6287

1.12.2025

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 9 Deireadh Fómhair 2025 (iarraidh ar réamhrialú ón Högsta förvaltningsdomstolen – an tSualainn) – Nestlé Sverige AB v Miljönämnden i Helsingborgs kommun

(Cás C-315/24, ⁽¹⁾ Nestlé Sverige (Lipéadú bia chun críocha speisialta míochaine))

(Tarchur chun réamhrialú – Sábháilteacht bia – Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 – Faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí – Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 – Bia chun críocha speisialta míochaine – Ceanglais shonracha faisnéise – Dearbhú cothúcháin sainordaitheach – Airteagal 5(2)(g) – Sonraí sainordaitheacha breise – Airteagal 6(2) – Toirmeasc ar fhaisnéis atá sa dearbhú cothúcháin sainordaitheach a athrá ar an lipéadú)

(C/2025/6287)

Teanga an cháis: an tSualainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Högsta förvaltningsdomstolen

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Nestlé Sverige AB

Cosantóir: Miljönämnden i Helsingborgs kommun

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 5(2)(g) agus Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha maidir le comhdhéanamh agus faisnéis le haghaidh bia chun críocha speisialta míochaine,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní hionann an tagairt don luach fuinnimh agus don mhéid cothaithe éagsúla, in aghaidh na coda nó in aghaidh an aonaid tomhaltais, ar éadan an phacáistithe bia chun críocha speisialta míochaine, cé go bhfuil tagairt do na h-eilimintí céanna sin in aghaidh 100 g nó 100 ml sa dearbhú cothúcháin sainordaitheach, ar chúl an phacáistithe sin, agus 'cur síos ar airíonna agus ar shaintréithe' an bhia sin, de réir bhrí Airteagal 5(2)(g) den Rialachán Tarmligthe sin, ach is athrá é ar an bhfaisnéis atá sa dearbhú cothúcháin sainordaitheach, atá toirmiscthe faoi Airteagal 6(2) den Rialachán tarmligthe sin.

⁽¹⁾ IO C, C/2024/4083.